



An Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí
Commission for Public Service Appointments

Ráiteas Straitéise

2020 - 2023

Clár ábhair

Réamhrá	3
An Coimisiún	4
Ár ról.....	5
Fís agus luachanna	6
Cuspóirí straitéiseacha	7
1. Feabhsúcháin a spreagadh agus tionchar a bheith againn orthu	7
2. Dea-chleachtas a chumasú agus tacú leis	7
3. Cumas eagrúcháin a neartú	8
4. Feasacht an phobail a fheabhsú.....	8
Na Chéad Chéimeanna Eile	9

Réamhrá

Mar Choimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí, is sinne an príomhrialálaí ar earcaíocht agus roghnúchán i seirbhís phoiblí na hÉireann. Is é an chuspóir atá againn ná a chinntiú go ndéantar ceapacháin chun na státseirbhíse agus na seirbhíse poiblí go cóir agus go trédhearcach.

Léiríonn an ráiteas seo an séú athbhreithniú ar ár gcuspóirí straitéiseacha agus leagtar amach na príomhchuspóirí don Choimisiún sna trí bliana amach romhainn. Tá fíís shoiléir don oifig sa phlean ina bhfuil roinnt cuspóirí straitéiseacha, agus bunluachanna mar bhonn agus mar thaca léi.

Le trí bliana anuas tharla láimhdeachas suntasach maidir le baill foirne ár n-oifige agus chonacthas méadú ar líon na ngearán a fuarthas. Dá bhrí sin, díriodh go leor ar acmhainní a neartú, saineolas a threisiú go himmheánach agus próisis athbhreithnithe a thabhairt isteach chun ár gcuid oibre a dhéanamh go héifeachtach.

Cé go gcuireann an straitéis seo go dlúth lenár n-éachtaí le trí bliana anuas, leathnaítear an bhéim chun feacht an phobail ar an gCoimisiún a fheabhsú agus an saineolas agus an tuiscint laistigh de chomhlachtaí poiblí a neartú chun tabhairt faoi earcaíocht agus roghnúchán cóir.

Mar thaca leis an straitéis, beidh pleannanna gnó bliantúla mionsonraithe. Tá sí solúbtha freisin toisc go ligtear dúinn déileáil le haon athruithe eagraíochtúla a d'fhéadfadh teacht chun cinn.

An Coimisiún

Bunaíodh an Coimisiún sa bhliain 2004 faoin Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004. Is iad seo a leanas ár gcomhaltaí reatha:

- An tUasal Sean Ó Feargháil, Ceann Comhairle
- Peter Tyndall, Ombudsman
- Martin Fraser, Ard-Rúnaí an Rialtais
- David Moloney, ag gníomhú mar Ard-Rúnaí, an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- Garrett Sheehan, Cathaoirleach an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (post folamh faoi láthair)

Tacaíonn foireann faoi stiúir Stiúrthóir an Choimisiúin Elaine Cassidy agus an Rúnaí Sean Garvey le hobair an Choimisiúin. Soláthraíonn Oifig an Ombudsman seirbhísí comhroinnte i réimsí ar nós acmhainní daonna, bainistíocht airgeadais agus teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide.

Ár ról

San Acht um Bainistíocht Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin), 2004, foráiltear an creat rialála maidir le roghnúchán cóir, trédhearcach agus fiúntais-bhunaithe sa tseirbhís phoiblí. Tá sé is infheidhme maidir leis na poist atá leagtha amach thíos.

- An Státseirbhís
- An Garda Síochána (suas go grád sáirsint agus cigire)
- Poist sna húdaráis áitiúla lena mbaineann Acht na nÚdarás Áitiúil 1926
- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
- Comhlachtaí poiblí ina gcaithfear an ceapachán a dhéanamh faoin Acht

Is é an ról atá againn a chinntiú go ndéantar aon cheapacháin chun na bpost seo go cóir, go trédhearcach, go comhsheasmhach agus ar bhonn fiúntais. I measc ár bpríomhfhreagrachtaí tá:

- Dea-chleachtas earcaíochta a leagan amach agus a chur chun cinn
- Cóid chleachtais a fhoilsiú
- Ceadúnais earcaíochta a eisiúint
- Cur síos a thabhairt ar conas coinne a athbhreithniú agus achomharc a dhéanamh
- Gearáin a scrúdú faoi sháruithe líomhnaithe ar na cóid
- A chinntiú go gcomhlíonann comhlachtaí poiblí na cóid
- Earcaíocht agus roghnú faoina mbíonn comhlachtaí poiblí i mbun a iniúchadh
- Cuidiú agus treoir a thabhairt do chomhlachtaí poiblí

Fís agus luachanna

Is í an fhís atá againn go ndéanfar ceapacháin chun post sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí go cóir, go trédhearcach agus go comhsheasmhach, agus de réir dea-chleachtais amháin.

Agus ár bhfís á cur i gcrích againn, déanaimid na prionsabail seo a leanas a chur chun cinn agus cloímid leo:

- Ionracas
- Fiúntas
- Dea-chleachtas
- Comhsheasmhacht
- Trédhearcacht

Agus ár gcuid oibre á dhéanamh againn ó lá go lá cloíonn foireann an Choimisiúin le roinnt príomhluachanna eagrúcháin. Cuirtear iad seo i bhfeidhm i gcinntí agus i ngníomhartha a dhéantar chomh maith le beartais agus próisis atá i bhfeidhm chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh. Is iad seo:

- Neamhspleáchas - Gearáin a scrúdú, athbhreithnithe a dhéanamh, iarratais a mheas agus cinntí a dhéanamh ar bhealach cothrom, oibiachtúil agus neamhchlaonta.
- Béim ar Chustaiméirí - Díriú ar shármhaitheas agus gairmiúlacht i seachadadh ár seirbhísí a bhaint amach. Caighdeáin shainithe a chomhlíonadh agus athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar ár bhfeidhmíocht chun a chinntiú go bhfanfaidh an custaiméir i gcroílár gach a ndéanaimid.
- Cothroime - Caitheamh le gach duine le meas, le dínit agus le cothroime. Tá sé seo bunúsach dár gcaidrimh lenár ngeallsealbhóirí uile. Cuireann sé freisin le timpeallacht oibre a chuireann rannpháirtíocht, oscailteacht agus trédhearcacht chun cinn.
- Ionbhá - A thuiscint gur minic a thagann ár gcustaiméirí chugainn tar éis gach bealach atá oscailte dóibh a ídiú. A thuiscint go bhfuil comhlachtaí poiblí ag brath orainn ar mhaithe le soiléireacht agus tacaíocht. Éisteacht go cúramach lenár gcustaiméirí, tuiscint a fháil ar a gcuid inní agus íogaireacht a bheith acu ina leith.
- Nuálaíocht - Feabhsúcháin feidhmíochta leanúnacha a sheachadadh agus leas a bhaint as modhanna dea-chleachtais chun seirbhís den chéad scoth a sholáthar, agus trína dhéanamh muinín i seachadadh seirbhíse poiblí a chur chun cinn.

Cuspóirí straitéiseacha

Ionas go mbainfimid ár bhfís amach sna trí bliana amach romhainn, beidh na cuspóirí ardleibhéil seo a leanas ag feidhmiú mar phríomh-chumasóirí:

- Feabhsúcháin ar earcaíocht seirbhíse poiblí a spreagadh agus tionchar a bheith againn orthu
 - Comhlachtaí poiblí a chumasú agus tacú leo dea-chleachtas a bhaint amach agus a chothabháil
 - Cumas eagrúcháin a neartú chun seirbhís éifeachtach agus éifeachtúil a sholáthar do pháirtithe leasmhara
 - Feasacht an phobail ar ár ról agus rochtain ar ár seirbhísí a fheabhsú

D'fhonn na cuspóirí seo a bhaint amach, tá na príomhghníomhartha seo a leanas aitheanta againn:

1. Feabhsúcháin a spreagadh agus tionchar a bheith againn orthu

- Iniúchtaí atá pleanáilte i gceart, dírithe agus oiriúnach don fheidhm a dhéanamh i gcás ina dtarlaíonn drochchleachtas earcaíochta ar bhonn comhsheasmhach agus i gcás nár tugadh aghaidh ar dhroch-chleachtas dá leithéid mar thoradh ar rannpháirtíocht chuiditheach le hearcaitheoirí.
- Tuarascálacha ar thorthaí ár n-iniúchta a fhoilsiú, ina leagfar amach ár seasamh maidir le dea-chleachtas agus ag feidhmiú mar uirlis foghlama do chomhlachtaí poiblí eile
- Obair leantach gníomhach a dhéanamh ar shárúithe ar na cóid a shainaithnítear trí mheicníochtaí gearán agus oibriú le comhlachtaí poiblí lena chinntiú nach dtarlaíonn siad arís
- Dul i dteagmháil agus i gcomhairle go gníomhach le comhlachtaí poiblí maidir le conas a fhéadfaidís dea-chleachtas maidir le hearcaíocht agus roghnúchán a éascú
- Treoir agus comhairle shoiléir chuimsitheach a sholáthar do na páirtithe leasmhara go léir

2. Dea-chleachtas a chumasú agus tacú leis

- Cóid chleachtas nua a fhoilsiú ina dtabharfar breac-chuntas ar nósanna imeachta athbhreithnithe chomh maith le soiléiriú níos fearr ar a gcur i bhfeidhm
- Sraith ábhar treorach a eisiúint chun dul leis na cóid agus a gcur i bhfeidhm d'fhonn cabhrú le comhlachtaí poiblí a ról a chomhlíonadh
- Leabhair chásanna a fhoilsiú ina dtabharfar breac-chuntas ar phríomhchinntí a rinne an Coimisiún, ag cur béime ar fhasaigh agus ar na ceachtanna a foghlaimíodh
- A chinntiú go bhfuil comhlachtaí poiblí ar an eolas go hiomlán faoina n-oibleagáidí faoin Acht agus go bhfuil tuiscint iomlán acu ar na prionsabail agus na caighdeáin atá leagtha amach sna cóid

3. Cumas eagrúcháin a neartú

- Leanúint le próisis inmheánacha athbhreithnithe a chur i bhfeidhm chun gearáin a scrúdú
- Leanúint le córais bhainistíochta cásanna éifeachtacha a chur i bhfeidhm do gach ceann dár bhfeidhmeanna
- Leanúint ar aghaidh ag cur lenár bpróisis bhainistíochta eolais
- Leanúint le hoiliúint agus forbairt leanúnach a chinntiú do gach ball foirne

4. Feasacht an phobail a fheabhsú

- Suíomh gréasáin nua-aimseartha cothrom le dáta a chothabháil agus a chur chun cinn mar an phríomhfhoinsé faisnéise le haghaidh roghnúcháin chóir, bunaithe ar fhiúntas
- Dul i mbun for-rochtana do chomhlachtaí poiblí agus d'iarrthóirí araon chun tuiscint shoiléir ar na meicníochtaí gearán atá ar fáil a chinntiú
- Cóid chleachtais nua agus sraith d'ábhar treorach a ghabhann leis a chur chun cinn mar uirlisí chun cabhrú le comhlachtaí poiblí a ról a chomhlíonadh
- Deiseanna breise a iniúchadh chun príomhthorthaí agus moltaí a fhoilsiú agus a chur chun cinn

Na Chéad Chéimeanna Eile

Beidh pleananna gnó bliantúla mionsonraithe mar thaca leis an ráiteas seo, lena léireofar ár gcuspóirí straitéiseacha agus ár bpríomhghníomhartha. Mar thacaíocht dóibh sin, beidh pleananna gníomhaíochta foirne aonair agus clár riosca. Déanfar monatóireacht agus athbhreithniú orthu go rialta i gcoinne táscairí feidhmíochta inchainníochtaithe agus faoi cheangal ama.

Déanfar tuairisciú ar dhul chun cinn ar na cuspóirí atá leagtha amach sa ráiteas seo go rialta, go himheánach agus go seachtrach, trí mheicníochtaí éagsúla. Áireofar leis seo tuarascálacha bliantúla, cruinnithe foirne agus miontuairiscí cruinnithe.